

Doiciméid Aitheantais do Dhuine Aonair

Tomhaltóir, trádálaí aonair nó aon duine nádúrtha eile ar féidir leo UPSP a chur ar fáil

Chun do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh nó aon cheann eile de do chearta a fheidhmiú, beidh ort foirm iarratais ar líne a chomhlánú agus na doiciméid aitheantais seo a leanas a chur i gceangal léi:

1. Cruthúnas ar do chéannacht

Uaslódáil cóip shoiléir, inléite de cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- **Pas** - leathanach aitheantais do phas ar a mbeidh d'ainm, do dháta breithe, grianghraf agus síniú; nó
- **Ceadúnas Tiomána AE** - an taobh aitheantais (grianghraf, ainm agus síniú) de do cheadúnas tiomána AE.

Déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie mura féidir leat ceann den dá dhoiciméad thuas a chur ar fáil

2. Cruthúnas ar do sheoladh

Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais agus is gá go mbeidh do sheoladh IOMLÁN le feiceáil air):

- bille fónais nó bille líne thalún teileafóin;
- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe chugat ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe chugat ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
- litir a bheidh dírithe chugat ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

3. Cruthúnas ar do UPSP

Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas ar a mbeidh do UPSP IOMLÁN le feiceáil go soiléir. Tabhair faoi deara le do thoil gur gá go mbeidh an téarma "UPSP" le feiceáil go soiléir ar dhoiciméad a úsáidfeá mar chruthúnas ar dhoiciméad UPSP.

- Cárta Seirbhísí Poiblí - an dá thaobh (éadan agus cúl)
- Comhfhreagras ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim ar a dtaispeánfar do UPSP IOMLÁN;
- Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach;
- cárta liachta nó cárta don scéim íocaíochta drugaí;
- duillín pá, nó doiciméad ó na Coimisinéirí Ioncaim ina dtugtar Achoimre ar Shonraí Fostaíochta.

Féach ár Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí ag centralcreditregister.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi ina bpróiseálar do chuid faisnéise pearsanta.

I gcás iarratas poist, íoslódáil foirm iarratais ag

Central Bank of Ireland - CONFIDENTIAL

<https://www.centralcreditregister.ie/borrower-area/apply-for-your-credit-report-and-other-rights/postal-applications/> nó déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie.

Feabhra 2024

Commented [NSU1]: This will need to be updated with the Irish url when the Irish Postal Applications page is created